Ag obair ón mbaile

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoina bheith ag obair ón mbaile**.** Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *restrictions*
- *full-time and part-time*
- *upside down*
- *remote working*
- *the biggest concern*
- *digital hubs*
- *hunting, searching*
- *broadband*
- *honeymoon*
- *possibilities*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a léiríonn an suirbhé nua?
2. Cén fáth a luadh na figiúirí seo – 94%, 83%, 23% agus 7%?
3. Cad a bhí le rá ag Róisín Ní Mhaoláin, Tomás Ó Síocháin agus Frank Conroy?

Ceist 3 '…ón **m**baile…' agus '…ón b**h**aile…'

ag an, ar an, as an, chuig an, faoin, leis an, ón, roimh an, thar an, tríd an

Féach ar na pointí thíos a léiríonn na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar thús na n-ainmfhocal a leanann na réamhfhocail shimplí agus an t-alt uatha (sa bhosca thuas).

- Uraítear ainmfhocail dar tús **b**, **c**, **f**, **g**, **p** i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan, e.g.

  ag an gcluiche

- Séimhítear ainmfhocail dar tús **b**, **c**, **f**, **g**, **m**, **p** i gcanúint Uladh, e.g.

  ar an mhála

- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús **d** agus **t**, e.g.

  ar an doras

- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús gutaí, e.g.

ar an uisce

- Cuirtear **t** roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús **s** + guta agus roimh ainmfhocail bhaininscneacha a thosaíonn le **sl-**, **sn-** agus **sr-**, e.g.

  ar an tsráid

A. Tá canúint Uladh ag Sorcha Ní Mhonacháin. Conas a chuir sí na rialacha thuas i bhfeidhm ina cuid cainte? Bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá ar na hainmfhocail sna samplaí thíos:

(ón)(baile) _____
(faoin)(am) _____
(ar an)(cianobair) _____
(leis an)(paindéim) _____
(leis an)(cianobair) _____
(ar an)(oifig) _____

Cén leagan de na samplaí seo thíos a bhí ag Sorcha?

(sa)(suirbhé céanna) _____
(ar an)(saol sóisialta) _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agat.

B. Cad faoi na canúintí eile? Cloígh leis na samplaí céanna, bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá ar na hainmfhocail chun go mbeidh siad ag teacht le córas chanúint Chonnacht agus chanúint na Mumhan:

(ón)(baile) _____
(faoin)(am) _____
(ar an)(cianobair) _____
(leis an)(paindéim) _____
(leis an)(cianobair) _____
(ar an)(oifig) _____

(sa)(suirbhé céanna) _____
(ar an)(saol sóisialta) _____

Ceist 4 '…ba dhéine…'

1. Cén bhreischéim atá an na haidiachtaí seo a leanas?

   Breá, dathúil, deacair, imníoch, maith, olc agus fada.

2. Cuir san aimsir chaite anois iad.

3. Cum abairtí leis na haidiachtaí thuas atá fíor faoi do shaol féin agus abair leis an duine in aice leat iad.

Ceist 5 ‘…gach uile lá **beo**…’

Tá go leor nathanna i nGaeilge a bhfuil an focal ‘beo’ iontu. An bhfuil na cinn thíos ar eolas agat. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Tá siad beo bocht
Chuaigh an focal sa bheo agam
Bhí an áit beo le daoine
Ag bogadh go beo…

Ceist 6 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí amach liosta de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith ag obair ón mbaile.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis don rang féachaint ar an mír uair amháin.

restrictions – *srianta*
full-time and part-time – *lánaimseartha agus páirtaimseartha*
upside down – *bunoscionn*
remote working – *cianobair*
the biggest concern – *an chloch is mó ar phaidrín*
digital hubs – *moil dhigiteacha*
hunting, searching – *ag tóraíocht*
broadband – *leathanbhanda*
honeymoon – *mí na meala*
possibilities – *féidearthachtaí*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

A

(ón)(baile)	*ón bhaile*
(faoin)(am)	*faoin am*
(ar an)(cianobair)	*ar an chianobair*
(leis an)(paindéim)	*leis an phaindéim*
(leis an)(cianobair)	*leis an chianobair*
(ar an)(oifig)	*ar an oifig*
(sa)(suirbhé céanna)	*sa tsuirbhé chéanna*
(ar an)(saol sóisialta)	*ar an tsaol shóisialta*

B.

(ón)(baile)	*ón mbaile*
(faoin)(am)	*faoin am*
(ar an)(cianobair)	*ar an gcianobair*
(leis an)(paindéim)	*leis an bpaindéim*
(leis an)(cianobair)	*leis an gcianobair*
(ar an)(oifig)	*ar an oifig*
(sa)(suirbhé céanna)	*sa suirbhé céanna*
(ar an)(saol sóisialta)	*ar an saol sóisialta*

Ceist 4

Breá – is breátha, ba bhreátha
Dathúil – is dathúla, ba dhathúla
Deacair – is deacra, ba dheacra
Imníoch – is imníche, ab imníche
Maith – is fearr, ab fhearr
Olc – is measa, ba mheasa
Fada – is faide, ab fhaide

Ceist 5

Tá siad beo bocht– they are living in abject poverty
Chuaigh an focal sa bheo agam – the word pierced me to the quick
Bhí an áit beo le daoine – the place was packed
Ag bogadh go beo – moving quickly

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá níos mó daoine ná riamh ag obair ón mbaile ó cuireadh na srianta ba dhéine i bhfeidhm i dtús an Mhárta. Léiríonn suirbhé nua gur mhaith le 94% dóibh siúd a ceistíodh leanacht[1] ag obair ón mbaile nuair a bheidh deireadh le srianta Covid–19.

Sorcha Ní Mhonacháin
Is beag duine a chreid i dtús na bliana seo go mbeadh formhór mór an phobail oibre ag obair ón bhaile go lánaimseartha nó go páirtaimseartha faoin am a dtiocfadh an Nollaig. Ach tá an saol oibre curtha bunoscionn ag Covid-19.

Róisín Ní Mhaoláin, Feidhmeannach Cumarsáide, Maigh Nuad
Bhínnse ag taisteal ó Chill Dara suas go Baile Átha Cliath gach uile lá beo agus sin go leor ama sa bhreis atá agam anois. Ach freisin, tá an taobh eile den scéal. Níl tú san oifig, tá tú ag cailliúint[2] amach ar an gcomhluadar sin, tá tú ag cailliúint amach ar an atmaisféar spreagúil san oifig agus tá tú ag cailliúint amach ar an deis rudaí a phlé go héasca.

Sorcha Ní Mhonacháin
Deir 94% acu siúd a ghlac páirt i suirbhé náisiúnta ar an chianobair d'Ollscoile na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair, gur mhaith leo leanstan[3] ar aghaidh ag obair ón bhaile nuair a thiocfas deireadh leis an phaindéim. Sin méadú ó 83% a dúirt an rud céanna sé mhí ó shin, i dtús na géarchéime.

Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach, Coimisiún Forbartha an Iarthair
Is é an chloch is mó ar phaidrín na bhfostóirí ná teacht ar shuíomh oiriúnach chuige sin. Agus tá Coimisiún Forbartha an Iarthair ag obair i gcomhar le háisíneachtaí eile ar nós Údarás na Gaeltachta agus iad sin le gréasán a chur ar bun le gur féidir le daoine dul ag obair i moil dhigiteacha mar sin agus gur féidir sa tslí sin cuid de na deacrachtaí atá ann ó thaobh na bhfostóirí a shárú.

Sorcha Ní Mhonacháin
Léirigh 23% acu siúd a bhí páirteach sa tsuirbhé chéanna gur mhaith leo aistriú amach as na cathracha chuig an tuath. Tá t-aistriú sin déanta ag 7% ó tháinig an phaindéim.

Frank Conroy, Ceantálaí, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe
Tá níos mó daoine ag tóraíocht tithe amuigh faoin tuath anois ná mar a bhí, tá siad ag iarraidh bogadh amach as na bailte móra. Tá an leathanbhanda an-tábhachtach go deo. An chéad cheist a chuirfear ort ná an bhfuil sé ann nó nach bhfuil. Fiú amháin dá mbeifeá ag ligean teach saoire ar feadh dhá lá.

Sorcha Ní Mhonacháin
Ach cá fhad a mhairfidh mí na meala leis an chianobair? An mbeidh oibrithe ag iarraidh pilleadh[4] ar an oifig agus ar an tsaol shóisialta a bhaineann leis, i ndiaidh na paindéime?

Róisín Ní Mhaoláin
Dá mbeadh vacsaín ar fáil an mhí seo chugainn, níl mise cinnte ag an bpointe seo, an mbeinn ag iarraidh a bheith lonnaithe san oifig nó sa mbaile go lánaimseartha. Ach, ceapaim go bhfuil féidearthachtaí ann anois, nach raibh againne roimhe seo,

[1] *leanúint* an leagan caighdeánach
[2] *cailleadh* an leagan caighdeánach
[3] *leanúint* an leagan caighdeánach
[4] *filleadh* an leagan caighdeánach

mar gheall go bhfuil taithí againn féin agus ag na comhlachtaí seo ar a bheith ag obair ón mbaile.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá an rialtas agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag moladh do dhaoine a dtig leo é sin a dhéanamh, leanstan ar aghaidh ag obair ón bhaile.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.